

FAOI CHAIBIDIL

Foilseofar an forlónadh ealaíon seo ar nuachtáin

Ghrúpa Meán Bhéal Feirste,
Andersonstown News, North Belfast News agus South Belfast News, chomh maith le www.nuacht.com



Forlónadh ealaíon in eagar ag Ciarán Ó Pronntaigh

Teagmháil: leabhar@nuacht.com

Feiceann an t-agnóisi níos mó

Seolfar an cnuasach gearrscéalta, *Na Réabhlóidí Datha agus scéalta eile*, leis an údar Gabhán Ó Fachtna sa Chultúrlann an Satharn beag seo, 28 Feabhra, ar 1.00. Labhair Ciarán Ó Pronntaigh leis.

Is duine é Gabhán Ó Fachtna nár thosaigh a fhoghlaim Gaeilge go dtí go raibh sé 17 bliain d'aois.

Rugadh i nGlaschú é agus, mar a deir sé féin, "ní raibh faill agam Gaeilge na hAlban a fhoghlaim in Albain" agus d'fhan sé go dtí gur tháinig sé go hÉirinn gur fhoghlaim sé Gaeilge na hÉireann.

Agus is ar Bhéal Feirste, an áit a bhfuil sé ina chónaí faoi láthair, agus an tuaisceart trí chéile atá na scéalta lonnaithe. "Tá an tuaisceart iontach spéisiúil mar áit.

"D'fhás mé aníos in Albain agus bhí spéis ag daoine sa chultúr agus tá na sé chontae tarraingteach mar áit ar an dóigh chéanna."

Ach níor mhaith leis go smaoiníodh duine ar bith go raibh an cnuasach nua aige teoranta ar dhóigh ar bith.

"Nuair a scríobhann duine ón tuaisceart agus go léann duine ón deisceart é amanna déanann siad cur síos air amháil is gur domhan eile ar fad atá ann.

"Mo tháim go bhfuil an dearcadh sin aisteach."

An ghruaim ceann de na príomhthéamaí a thagann amach go luath sna scéalta agus admhaíonn sé féin:

"Níl siad uilig chomh dorcha sin - tá súil agam go bhfuil cuid acu greannmhar chomh maith."

Rud spéisiúil amháin

faoin chnuasach seo an dóigh a ndéanann sé iarracht an rud pearsanta a aistriú ina mheafar don rud mór.

Luann sé an scéal 'Fishnorfowl' mar scéal fíor a chuala sé ó chara dá chuid.

De thairbhe míthuiscéana feiceann bean a léachtóir ag fanacht léi ina seomra, í lomnocht agus ag dúil le grá.

Tharla nach raibh an cumann sin de dhíth uirthi agus éiríonn le Gabhán meafar a dhéanamh de den dóigh a bhfuil an dá phobal ó thuaidh ag teacht níos cóngaraí le chéile ach go bhfuil míthuiscint fós ann nó tá gach taobh ag dúil le caidreamh faoi leith, caidreamh nach bhfuil an taobh eile ag dréim leis nó a iarraidh.

Is agnóisi é Gabhán, rud a chuidíonn leis an scríobh, dar leis.

"Bíonn dhá mhíniú agat ar achan scéal, nó fiú an tríú míniú má chuitear galar intinne san áireamh. Is rud an-tarraingteach é sin don scríbhneoir."

Seo an dara cnuasach gearrscéalta aige.

Cad chuige, mar sin, ar chloigh sé leis an fhoirm sin?


"An chéad

chnuasach agam bhí deich ngearrscéal ann agus bhí sé cineál gairid.

"Thaitin sin le roinnt daoine nó ó thaobh ama de bhí siad níos fusa a léamh agus bhí an Ghaeilge níos simplí. Is foghlaimeoirí muid agus sin an cineál ruda a bhí de dhíth."

An cnuasach is déanaí uaidh is cinnte gur cnuasach níos toirtiúla é agus taobh amuigh de bheith níos muiníní i mbun na scríbhneoireachta b'fhéidir go raibh lámh ag an teicneolaíocht leis an toradh sin chomh maith.

"Bhí Gaelspell agam ar an ríomhaire an iarraidh seo, rud a chuidigh go mór."



An bhfuil tú ag scríobh?

Má tá gearrscéalta nó dánta ina luí sa deannach faoin leaba agat, is é seo an t-am cuí lena dtarraingt amach.

Leanfaidh Grúpa Meán Bhéal Feirste leis an foilsíú scríbhneoireacht nuachumtha ar bhonn rialta agus tá an t-eagarthóir ealaíon ag fanacht le d'iarracht.

Ní hamháin go mbeidh do shaothar le feiceáil

i nuachtán a léitear go leitheadach, ach íocfar táille chuí as na hiarrachtaí a chuirfear i gcló.

Cheana féin seoladh an dara himleabhar den scríbhneoireacht nua a foilsíodh ar *Lá Nua*. Chomh maith leis sin beidh sé feiceáil ar an suíomh, www.nuacht.com.

Is féidir iarrachtaí a

sheoladh ar ríomhphost chuig: leabhar@nuacht.com nó tríd an phost go dtí:

Scríbhneoireacht Nua
Faoi Caibidil
2 Cnoc Bhaile Haine,
Béal Feirste,
BT17 OLT



Focal ar fhocal a thógtar na caisleáin

Is fíor nach bhfuil cáil na litríochta ar ár bhfoclóirí ach tá idir shanas agus saíocht, cheartlitriú agus chultúr le fáil iontu.

Ar bhealach, thiocthadh a rá gurb iad na foclóirí againn (agus is tearc a líon, i ndáiríre) na leabhair is mó léamh againn sa teanga.

B'fhéidir go bhfuil clú na leadránachta orthu ach is fiú go mór spléachadh níos grinne a thabhairt orthu.

Ba iad na Francaigh agus na hIodálaigh a chuir tús le tiomsú na bhfoclóirí sa tréimhse nua-aoiseach agus bhain siad leis an ardú stádais a bhí ag teacht ar na mórtheangacha agus impireachtaí á dtógáil.

Léirigh siad don domhan mór an chumhacht agus an mhaorgacht a bhain leis an teanga.

I gcás na Fraincise, tiomsú trí choiste a bhí i gceist agus chuaigh gach rud trí L'Académie française, an eagraíocht de shaineolaithe teanga a chuir an Cairdinéal Richelieu ar bun i 1635.

Tá daichead ball (*immortels*) ann agus is ballraíocht saoil a bhíonn acu; ní cheaptar ball nua go dtí go bhfaigheann ball eile bás.

Is é an tAcadamh an t-údarás teanga maidir le ceartúsáid, focal agus gramadach sa Fhraincise agus is iad a chuireann *Dictionnaire de l'Académie française* ar fáil.

Bhí éad ar na Sasanaigh as an obair a bheith déanta rompu agus chinn roinnt díoltóirí leabhar ar Samuel Johnson dul i mbun pinn agus mórfhoclóir don Bhéarla a chur i dtoll a chéile.

Fear an-léinn a bhí ann mar Samuel agus chinn sé go mbeadh gach dea-leabhar sa Bhéarla mar thagairt aige agus chrom sé ar na cinn nach raibh léite aige a léamh.

Ach, rud a chuir olc a phátrúin, theastaigh níos mó ó Johnson ná liosta focal; chuir sé isteach sleachta fada ó na dea-leabhair le gach ciall agus fochiall a léiriú.

In ionad an roinnt bheag de bhlianta a bhí aontaithe ghlac sé chóir a bheith deich mbliana air agus na pátrúin aige ag bagairt an dlí air i rith an ama.

Sa deireadh, foilsíodh an foclóir sa bhliain 1755 agus bhí seod curtha le chéile aige, rud a mhair mar bhunsraith don teanga go ceann na mblianta fada.

Ar aon dul leis an Bhéarla, saothair aonair a bhí sna foclóirí a tháinig amach sa Ghaeilge, den chuid is mó.

(Tá sampla againn d'fhoclóir a raibh béim níos mó leis an choiste aige, mar atá, foclóir Acadamh Ríoga na hÉireann, ar cuireadh tús leis ar fhocal an Irish Archaeological Society sa bhliain 1852.

Níor cuireadh an rud deireanach i gcló go dtí an bhliain 1976. Dála an scéil tá

dlútheagrán 2,400 leathanach ar fáil anois ón Acadamh.)

Tá a shliocht ag an chur chuige aonair ar na foclóirí agus ar an Ghaeilge í féin agus tagraíonn *Foclóir de Bhaldráithe* do mheancóga a bhain le daoine aonair i gcúrsaí foclóireachta sna blianta a chuaigh roimhe.

An focal 'dialann' ceann acu a chum Risteard Pluincéad a mhíléigh 'dia-lón' agus an focal 'cigire' a cheap Tadhg Ua Neachtain a léigh 'cighim' mar 'cigim' go contráilte.

Samuel Johnson na Gaeilge a bhí i bPádraig Ua Duinnín, príomhfhoclóirí na teanga, agus is geall le ciclipéid ar shaoil agus ar chultúr na nGael atá ina fhoclóir.

Sa leabhar iontach *Farasbarr Feasa ar Éirinn* déanann Alf Mac Lochlainn cur síos ar an rud a chuir an Duinníneach roimhe:

Is cosúil gur mhothaigh an Duinníneach nach leomhfadh sé seans a ligint thart gach pioc dá raibh ar eolas aige féin nó ag a chomhoibrithe a shá isteach sa leabhar, eolas ar nósanna agus ar an tslí bheatha, ná ceird agus an béaloideas, a chleachtaí i measc phobal na Gaeilge lena linn, agus an stair a ghabh leo roimhe sin. Ba chuma an raibh nó nach raibh gá leis an eolas breise seo mar mhíniú ar an gceannfhocal faoinar tugadh é. . .

Chuir an Lochlainnach liosta le háireamh de shamplaí ar an rud a luaigh sé. Sampla amháin faoi leith a thagann chun cuimhne anois agus muid istigh sa Charghas anois:

smut a stump . . . pout . . . Márt na Smut, Shrove ("Sulky") Tuesday; Domhnach na Smut, the first Sunday of Lent (both arising from the discontent of unmatched marriageable girls)

Ach fiú na mórfhoclóirí is déanaí againn imíonn siad le sruth sa deireadh.

Amharc, mar shampla, i bhfoclóir de Bhaldráithe faoin fhocal 'colour' agus feicfidh tú cé chomh fada a tháinig muid ó aimsir na gcaogaidí, roimh aimsir Martin Luther King agus anois aimsir Barack Obama:

The colour problem, fadhb na gcíníocha daite.

Ní chreidim go raibh imir den chiníochas i gceist ag de Bhaldráithe ach mothóidh mé níos compordaí nuair a thioctaidh foclóir nua Uí Mhianáin amach sna blianta beaga amach romhainn.

Ciarán Ó Pronntaigh